



## Tuarascáil na hOifige um Chlárú Cuideachtaí 2024

## **CLÁR NA nÁBHAR**

Cuid 1 Réamhrá .....	3
Cuid 2 Achoimre ar 2024.....	4
Cuid 3 Saolré na Cuideachta .....	10
Cuid 4 Eintitis Eile arna Chlárú ag CRO.....	15
Cuid 5 Feidhm Chorporáideach in CRO .....	16
Iarscríbhinn 1 Staitisticí Mionsonraithe .....	20
Iarscríbhinn 2 Ceannach Scaireanna Dílse .....	25
Iarscríbhinn 3 Comhpháirtíochtaí Teoranta .....	60
Iarscríbhinn 4 Próiseáil Doiciméad.....	64
Iarscríbhinn 5 Cláraitheoir na gCuideachtaí agus Daoine Údaraithe Eile .	66

## Cuid 1 Réamhrá

Oibríonn an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) faoi choimirce na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Is í an stór lárnach í d'eolas a bhaineann le dlí na gcuideachtaí reachtúil poiblí faoi chuideachtaí Éireannacha. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na hOifige:

- Corprú cuideachtaí
- Doiciméid iarchorpraithe cuideachta a chlárú
- Acht na gCuideachtaí 2014 a fheidhmiú maidir le hoibleagáidí comhdúcháin na gcuideachtaí
- Ainmneacha gnó/athruithe i sonraí na n-ainmneacha gnó a chlárú
- Eolas a chur ar fáil don phobal

Is é seo a leanas Ráiteas Misin CRO:

*chun maoirseacht a dhéanamh ar an ráta agus ar an gcaighdeán is airde agus is féidir i dtaca le comhdú fáiltas ó thaobh na cuideachtaí de i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha agus chun cinntiú go mbíonn faisnéis faoi chuideachtaí a fhoilsíonn CRO dá réir tráthúil agus cruinn agus go léirítear go cruinn léi an fhaisnéis a sholáthair na cuideachtaí siúd.*

## Cuid 2 Achoimre ar 2024

Ba bhliain ghnóthach eile í 2024 don CRO agus dá pháirtithe leasmhara.

Ba ann do 324,531 cuideachta Éireannach ar an gclár ag deireadh na bliana, agus 566,827 aighneacht comhdaithe le CRO le linn 2024 dá bharr. Is ionann 88.39% de na cuideachtaí uile ar an gclár agus cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna.

Is mó i bhfad fós líon na gcuideachtaí nua a chorprú ná líon na gcuideachtaí ag fágáil an chláir. B'amhlaidh an cás le roinnt blianta anuas, ach géaraíodh ar an méadú de bharr an choisc leanúnaigh ar chuideachtaí a bhaint go neamhdheonach mar gheall ar mhainneachtain i dtaca le tuairisceáin bhliantúla a chomhdú.


Leanadh leis an ardú ar líon iomlán na n-aighneachtaí atá á gcomhdú le CRO, le breis is 560,000 aighneacht a comhdaíodh in 2024 i gcomparáid le 550,000 aighneacht a comhdaíodh in 2023. Arís le linn 2024, comhdaíodh 95% de na haighneachtaí a comhdaíodh le CRO go leictreonach.

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo i dTuarascáil Bhliantúil 2023, tháinig fadhbanna chun cinn i mí na Samhna agus mí na Nollag 2023 i dtaca leis an bpróiseas lena mbaintear cuideachtaí ón gclár go neamhdheonach. Mar thoradh, baineadh roinnt cuideachtaí de Chlár na gCuideachtaí go neamhdheonach ar an 26 Eanáir, 2024, agus ar an 2 Feabhra 2024. I ndiaidh comhairle dlí a fháil, soiléiríodh nach raibh an próiseas lena baineadh na cuideachtaí seo bailí agus tugadh an stádas a bhí acu ar an gClár seo roimhe do na cuideachtaí seo arís. Cuireadh an próiseas lena mbaintear cuideachtaí ón gclár ar fionraí arís go dtí gur réitíodh na fadhbanna seo, agus cuireadh tús leis arís ar bhonn teoranta i dtreo dheireadh 2024 agus baineadh na chéad chuideachtaí den chlár i dtús 2025.


Sheol CRO láithreán idirlín nua ar an 3 Aibreán 2024, a tháinig in ionad an tseanláithreáin a mbeadh comóradh 25 bliain aige dhá lá ina dhiaidh seo. Is leagan nuachóirithe athdheartha é an suíomh nua ina bhfuil béim ann ar an reachtaíocht rochtana atá ar na bacáin a chomhlíonadh. Leis an láithreán idirlín nua tá cuíchóiriú déanta ar an bhfaisnéis atá ar an láithreán, tá an t-ábhar nuashonraithe agus tá an leagan amach caighdeánaithe.

Sheol CRO a Thairseach Sonraí Oscailte i dtreo dheireadh 2024. Rinneadh amhlaidh chun an Treoir maidir le Sonraí Oscailte a chur i bhfeidhm chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 níos deireanaí lena tugadh isteach coincheap “na tacair ardluacha sonraí”. Leagadh amach sa rialachán cur chun feidhme téamaí na dtacar ardluacha sonraí, trí shé chatagóir sonraí théamacha a shonrú ar cheann acu siúd tá “cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí”. Leis an rialachán, leagtar amach cad iad na sonraí cuideachta ba chóir a chur ar fáil agus conas atá na sonraí le cur ar fáil. Tá bunfhaisnéis chuideachta agus ráitis airgeadais sna sonraí atá ar fáil ar Thairseach Sonraí Oscailte CRO. Tá an fhaisnéis ar fáil saor in aisce agus i leagan atá inléite ag meaisín ar [CRO](#).

**Comhdhéanamh an Chláir ag deireadh 2024<sup>1</sup>**



**Cuideachtaí Éireannacha ar an gClár**



<sup>1</sup> TEO: Cuideachta Teoranta, CGA: Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, CTR: Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, CNT: Cuideachta Neamhtheoranta, CN: Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta, GCUI: Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochtaí in Urrúis Inaistrithe

## Comhdú Leictreonach Éigeantach – Tábla na gComhduithe

Tá breis is 40 foirm de chuid CRO ar fáil anois le haghaidh comhdú leictreonach amháin. Taispeántar sa tábla thíos líon na bhfoirmeacha leictreonacha éigeantacha is coitianta a comhdaíodh le linn na bliana.

Cineál Foirme <sup>2</sup>	2020	2021	2022	2023	2024
Foirm B1	194,515	257,150	240,223	255,818	273,376
Foirm B2	16,292	18,111	19,536	20,996	21,830
Foirm B10	67,523	80,281	79,577	82,902	83,784
Foirm B73	8,810	14,197	15,041	14,016	12,772

## Treochtaí i dtaca le Comhdú Leictreonach

Is féidir roinnt foirmeacha a chomhdú ar líne anois a bhí le tabhairt isteach chóras TF nua CRO i mí na Nollag 2020, go háirithe i réimse na sócmhainneacha

Bliain	Doiciméid a Ríomhchomhdú	Aighneachtaí uile a fuarthas	Cuideachtaí Éireannacha ar an gClár
2020	352,577	431,520	251,275
2021	454,615	543,830	270,835
2022	479,521	510,280	287,877
2023	528,542	550,731	306,559
2024	542,489	566,827	324,531

## Iarratais chuig an Ard-Chúirt/an Chúirt Dúiche le haghaidh Ordú chun an tréimhse Comhdaithe a Fhadú:

Tugtar le fios le hAlt 343(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gur féidir le cuideachta a bhfuil moill uirthi i dtaca lena tuairisceán bliantúil a chomhdú, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt (an Ard-Chúirt nó an Chúirt Dúiche don dúiche ina bhfuil oifig chláráithe na cuideachta lonnaithe) le haghaidh ordú ag fadú na tréimhse dá tuairisceán bliantúil a chomhdú don bhliain sin. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara nach féidir ach aon iarratas amháin a dhéanamh leis an gcúirt maidir le haon bhliain airgeadais ar leith agus nach féidir ach le cuideachtaí “beo” iarratas a dhéanamh leis an gcúirt faoin alt seo – níl fáil ar an bpróiseas ag cuideachtaí scortha.

Chomh luath is atá ordú deonaithe ag an gCúirt, agus é comhlíonta ag an gcuideachta, caithear leis an tuairisceán bliantúil amháin is go raibh sé in am agus ní cheanglófar ar an gcuideachta táillí comhdaithe dhéanaigh a íoc nó ní bheidh sí thíos le cailliúint díolúine ó iniúchadh. In 2024, fuair CRO 1,938 fógra iarratas ó chuideachtaí chuig an gCúirt Dúiche nó an Ard-Chúirt.

D'éisigh CRO 1,858 Litir Admhála/Gan Aon Agóid. Chuir CRO agóidí isteach i dtaca le cúig iarratas. Phróiseáil CRO 1,749 Orduithe a dheonaigh an Chúirt Dúiche/ an Ard-Chúirt. Níor dhiúltaigh na Cúirteanna d'iarratas ar bith. Tarraingíodh 14 iarratas siar. Cuireadh 231 iarratas ar athlá ó 2024 go 2025.

<sup>2</sup> Foirm: Tuairisceán Bliantúil, Foirm B2: Athrú ar Oifig Chláráithe, B10: Athrú maidir le Stiúrthóir/Rúnaí nó maidir lena sonraí, B73: Dáta nua a ainmniú le haghaidh an tuairisceán bliantúil.

## **Athbheithniú Breithiúnach**

In 2023, rinne dhá chuideachta, Greenay Limited agus Kitchen Innovations Limited, iarratas in dhá Cheantar Cúirte Dúiche éagsúla sa stát (ceantar Chúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath agus ceantar Chúirt Dúiche na Gaillimhe) faoi alt 343(5) chun síneadh ama a fháil chun a dtuaisceáin bhliantúla a chomhdú. Bhí gach comhlacht déanach ag comhdú a dtuaisceán bliantúil ag an tráth ina ndearna siad iarratas ar shíneadh ama chun a dtuaisceáin a chomhdú. Mar thoradh orthu a bheith déanach ag comhdú a dtuaisceáin bhliantúla, bheadh ar gach cuideachta táillí comhdaithe dhéanaigh a íoc agus chaillfidís díolúine iniúchta don dá bhliain díreach i ndiaidh dóibh a bheith déanach ag comhdú a dtuaisceán.

Le hAlt 343(5) d'Acht, 2014, foráiltear, in ainneoin gur féidir leis an gCúirt Dúiche ordú a dhéanamh chun an t-am chun tuairisceáin bhliantúil a chur isteach a shíneadh, nach féidir ach ordú amháin a dhéanamh i leith na tréimhse áirithe lena mbaineann an tuairisceán atá i gceist.

Fuair an dá chuideachta Orduithe ó na Cúirteanna Dúiche i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh faoi seach, rud a thug síneadh ama dóibh chun na tuairisceáin bhliantúla, nár leagadh isteach go fóill, a chomhdú. Mhainnigh an dá chuideachta na tuairisceáin bhliantúla, nár leagadh isteach, a leagan isteach laistigh den am a ceadaíodh leis na hOrduithe a rinneadh sa Chúirt Dúiche. Chuaigh gach cuideachta ar aghaidh chun iarratas a dhéanamh ar am breise, de bhreis agus de bharr ar an am a cuireadh ar fáil dóibh san Ordú Cúirte Dúiche agus a fuair siad. I ngach cás, dheonaigh na Cúirteanna Dúiche i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh am breise do na cuideachtaí chun a dtuaisceáin bhliantúla a chomhdú, de bhreis agus de bharr ar an am a cuireadh ar fáil do na cuideachtaí seo faoi alt 343(5).

Bhí an Chlárallann den tuairim gurb ionann na horduithe breise a rinne na Cúirteanna Dúiche i ngach cás agus dara hordú i leith tuairisceán bliantúil gach cuideachta, agus mar thoradh nach raibh sé de chumhacht ag an gCúirt Dúiche an dara hOrdú a dheonú do gach cuideachta.

Ba é tuairim na Clárlainne nár cuireadh tuairisceáin bhliantúla an dá chuideachta ar fáil de bhun cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014, i leith an dá thréimhse. Ba é tuairim na Clárlainne gur cuireadh na tuairisceáin bhliantúla seo ar fáil de bhun Orduithe Cúirte a rinneadh contrártha le téarma Acht 2014. Ar an gcúis seo, bhí deacracht fhollasach ann do Chlárallann dá dtaispeánfadh an clár gur cuireadh tuairisceáin bhliantúla an dá chomhlacht seo ar fáil de bhun an Achta.

Ar an gcúis seo, thionscain an Chlárallann imeachtaí Athbheithnithe Bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt ag iarraidh Orduithe na gCúirteanna Dúiche a chur ar neamhní. Éisteadh an tAthbheithniú Breithiúnach san Ard-Chúirt i mí na Nollag, 2024, agus forchoimeádadh an breithiúnas.<sup>3</sup>

## **Iniúchóirí Neamhchláraithe**

In 2024, ní raibh aon tuairiscí faoi iniúchóirí neamhchláraithe ag iarraidh tuarascála iniúchóirí bréagacha a chomhdú. Bhí 12 cás inar chuir iniúchóirí CRO ar an eolas gur baineadh úsáid as a nUimhir Chlárúcháin Iniúchóirí (UCI) ar mhaithe le tuarascálacha iniúchóirí a chomhdú gan chead. Ní raibh aon chás inar mhaígh iniúchóir gur baineadh úsáid as a s(h)onraí trí dhearmad. Nuair a chuirtear CRO ar an eolas faoi chásanna dá leithéid, d'fhéadfaí go gcuirfí na sonraí ar aghaidh go dtí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (UFC) lena n-iniúchadh.

---

<sup>3</sup> Tugadh an breithiúnas ar an 15 Eanáir, 2025. Luaigh Breitheamh na hArd-Chúirte ina bhreith “nach féidir ach ordú amháin a dhéanamh chun síneadh ama a thabhairt i ndáil le tuairisceán bliantúil a chur ar fáil don Chlárallann”.

Tá CRO ag leanúint léi i mbun faireacháin ar na rialuithe lena laghdaítear an riosca go dtarlódh a leithéid de chásanna. Leis an meicníocht atá i bhfeidhm lena gcuirtear an t-iniúchóir ar an eolas gach uair a úsáidtear an uimhir chlárúcháin iniúchóirí, is féidir le hiniúchóirí CRO a chur ar an airdeall nuair a bhaintear mí-úsáid as a n-uimhir chlárúcháin, agus mar thoradh tá laghdú suntasach tagtha ar líon na n-iniúchóirí neamhchláraithe atá ag iarraidh tuarascálacha iniúchóirí a chomhdú. Ó tugadh isteach an Uimhir Chlárúcháin Iniúchóirí in 2012 tá laghdú tagtha ar líon na dtuarascálacha faoi iniúchóirí neamhchláraithe ag iarraidh tuarascálacha iniúchóirí a chomhdú, ó 123 in 2012 go dtí a náid in 2024, agus tá laghdú ó 33 go 12 tagtha ar líon na dtuarascálacha faoi úsáid gan chead a baineadh as Uimhreacha Clárúcháin Iniúchóirí.

### Soláthar faisnéise don phobal

Ceannaíodh breis is 380,000 doiciméad ó láithreán gréasáin CRO in 2024 agus tugadh 1.3m cuairt ar an láithreán gréasáin. Tá fáil ag an bpobal ar an bhfaisnéis reachtúil uile a chuir cuideachtaí ar fáil don CRO le hiniúchadh i ndiaidh dóibh táille bheag a íoc nuair is ábhartha. Is féidir faisnéis bhunriachtanach áirithe, amhail ainm na cuideachta agus seoladh cláraithe na hoifige, a sheiceáil saor in aisce ar an tairseach CORE <https://core.cro.ie>.

### Aonad Faisnéise

Bhí leibhéal ard glaonna fós chuig Aonad Faisnéise CRO le linn 2024. Is í uimhir ghutháin an Aonaid Faisnéise ná 00 353 1 8045200/Glao áitiúil 0818 452 000. Freagraíodh breis is 39,000 glao chomh maith le 19,910 ríomhphost. (Seoladh ríomhphost [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie)).

### Gearáin Custaiméara agus Iarratais ar Fhaisnéis

Má tá custaiméir míshásta leis an tseirbhís atá curtha ar fáil ag CRO agus murar féidir an fhadhb a réiteach leis an mball foirne nó an rannóg atá ag déileáil leis an ábhar, is féidir gearán oifigiúil a dhéanamh le hOifigeach Faisnéise CRO. Déileálfar leis an ngearán i gcomhréir Nós Imeachta Gearáin CRO. Mura bhfuil gearánach sásta fós, tá sé de cheart ag an ngearánach achomharc le hOifig an Ombudsman.

Gearáin agus Iarratais ar Fhaisnéis in 2024	
Líon na nGearán Oifigiúil	34
Líon na nGearán ar cuireadh ar aghaidh chuig Oifig an Ombudsman	4
Líon na nGearán ar cuireadh ar aghaidh ar seasadh leo	0
Iarratais SF	13
Iarratais RGCS	5

### Forbairtí Dlíthiúla

Le hAcht na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála), 2024, feabhsaítear agus leasaítear an creat reachtaíochta a cuireadh ar fáil in Acht na gCuideachtaí, 2014, i réimsí an rialachais, an riaracháin, na dócmhainneachta, an fhorfheidhmithe agus na maoirseachta. Tháinig formhór fhorálacha an Achta i bhfeidhm ar an 3 Nollaig, 2024:

- chun foráil a dhéanamh d'iompar cruinnithe ginearálta cuideachta nó cumainn tionscail agus choigiltis, agus do rannpháirtíocht iontu, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht cumarsáide;
- chun foráil a dhéanamh d'fhorais bhreise lena mbaintear cuideachtaí go neamhdheonach ón gclár;

- chun foráil a dhéanamh do dhífheidhmiú an Achta um Promhadh Ciontóirí, 1907, do chion faoi alt 343 d'Acht, 2014;
- chun foráil a dhéanamh do chion ina gcuirtear cosc nó bac ar oifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina gcuirtear isteach air/uirthi;
- chun leasuithe áirithe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas tarrthála do chuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí
- chun cur ar chumas an Údaráis Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann treoir eatramhach a eisiúint i gcúinsí áirithe;
- chun cur le liosta na n-údarás inniúil ar féidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faisnéis, leabhair nó doiciméid a nochtadh dóibh faoi alt 792 d'Acht 2014;
- chun cur ar chumas comhlachtaí sonracha faisnéis a nochtadh don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 944Q d'Acht 2014;
- chun cur ar chumas an Údaráis Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta airgead a íocadh isteach sa chúlchiste a úsáid i gcomhréir le halt 919 d'Acht 2014 agus a dualgais á gcomhlíonadh aige faoi alt 934 den Acht sin;
- chun roinnt forálacha ó Acht 2014 agus Acht um Chumainn Tionscail agus Choigiltis, 1893, a aisghairm.

Forálacha a dtabharfar tosach feidhme dóibh in 2025: Is iad na 26 foráil nár tugadh tosach feidhme dóibh ná na cinn óna bhfuil nuashonraithe teicniúla ar chórais TF CRO ag teastáil chun na hathruithe atá beartaithe a éascú. Baineann na forálacha seo le foirmeacha aighneachta do CRO a ordú agus le baint na díolúine iniúchta caillteanais uathoibríoch ó chuideachtaí beaga an chéad uair a mhainníonn siad cuntas bliantúil a chomhdú. Tá sé beartaithe tosach feidhme a thabhairt do na forálacha seo in 2025.

## Cuid 3 Saolré na Cuideachta

### Corprú Cuideachta

Is foirm dhlíthiúil d'eagraíocht ghnó í cuideachta. Is eintiteas dlíthiúil ar leith í agus, mar sin de, ní hionann í agus na daoine atá á reáchtáil. Is ann do dhá chineál cuideachta bunúsacha, cuideachta phríobháideach agus cuideachta phoiblí. Is cuideachtaí príobháideacha iad tromlach na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn agus, astu siúd, tá a bhformhór beag gan ach ball amháin nó beirt.

Go ginearálta, ligtear le hAcht na gCuideachtaí 2014 do dhuine amháin nó níos mó cuideachta phríobháideach a chur le chéile le haghaidh aon chríche atá dleathach trí chlárú le bunreacht. Is féidir le cuideachta phríobháideach uasmhéid de 149 ball a bheith aici agus níl aon srian ar líon na mball de chuid cuideachta poiblí.


Ní mór do gach cineál cuideachta, seachas Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (TEO), ar a laghad rúnaí amháin agus beirt stiúrthóirí a bheith acu. Ní mór do TEOanna aon stiúrthóir amháin rúnaí ar leith a bheith acu. Níl aon ghá le cáilíochtaí foirmiúla le bheith mar stiúrthóir cuideachta. Ní mór do gach stiúrthóir cuideachta a bheith os cionn 18 bliana d'aois. Tá freagrachtaí fairsinge faoin dlí ag gach oifigeach cuideachta agus ba cheart go nglacfaidís na céimeanna cuí le cinntiú go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoina n-oibleagáidí. Tá tuilleadh faisnéise faoi dhualgais na stiúrthóirí agus na rúnaithe ar fáil ag [Dualgas na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe - CRO](#).

In 2024, ba é líon na gcuideachtaí nua a corpraíodh ná 23,652. Is ionann é seo agus méadú 5.7% i gcomparáid le 2023 bliain inar corpraíodh 22,384 comhlacht nua. Le linn 2024, ar an meán, cláraíodh 1,971 cuideachta nua in aghaidh na míosa, i gcomparáid le meánmhéid míosúil de 1,865 in 2023. Is é an treocht ghinearálta ó bhí 2016 ann go gcorpraítear 20,000 cuideachta gach bliain le buaic de 25,468 in 2021.

Is ann do dhá scéim corpraithe. Tá gealltanais tugtha ag CRO i dtaca leis na spriocanna seirbhíse custaiméara seo a leanas le haghaidh cuideachtaí a chlárú faoi na scéimeanna ábhartha:-

- Scéim Fé Phráinn - 5 lá oibre
- Gnáthscéim A1 Ar Líne - 10 lá oibre

Lean CRO léi lena spriocanna seirbhíse custaiméara a chomhlíonadh den chuid is mó i dtaca le cuideachtaí nua a chorprú in 2024



### Cuideachtaí Seachtracha

Bhí 181 clárúchán cuideachta seachtraí nua in 2024, 37 EEA agus 144 neamh-EEA. Tá sé sin i gcomparáid le 192 clárúchán cuideachta seachtraí in 2023.

Bhí 3,518 cuideachta sheachtrach ar an gClár ag deireadh 2024, méadú ar an líon 3,337 ag deireadh 2023. Bhí 507 brainse cuideachta seachtraí EEA agus 3,011 brainse neamh-EEA ar an gclár ag deireadh 2024.

Brainsí cuideachta seachtracha ar an gclár de réir thír thionscnaimh:

An Ríocht Aontaithe	2015
Oileáin Cayman	427
Stáit Aontaithe Mheiriceá	189
Beirmiúda	139
An Ghearmáin	106
An Ísiltír	90
Lucsamburg	57

Cinn áirithe eile: An Fhrainc - 42, an Eilvéis – 38, an Spáinn - 29, an India – 2, An Iodáil - 18.

### Doiciméid iarchorpaithe cuideachta a chlárú

Ní mór athruithe maidir le suíomh oifig chláráithe na cuideachta nó athruithe i measc na n-oifigeach de chuid chuideachta nó maidir lena sonraí a chur in iúl don CRO ar an bhfoirm reachtúil ábhartha. Ní mór go gcomhlíonfar an fhoirm mar is cuí agus go mbeidh sí sínithe ag oifigeach reatha de chuid na cuideachta de réir thaifid CRO i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

De réir mar a chuaigh méid an chlár i méad, b'amhlaidh a tharla do líon na gcomhduithe. Cláraíodh 78,521 foirm B10 (athrú faisnéise stiúrtóra/rúnaí) in 2024. Cláraíodh 21,301 foirm B2 (athrú i dtaca le hoifig chláráithe) le linn 2024.

### Tuairisceáin Bhliantúla

Ceanglaítear ar gach cuideachta ar an gclár, cé acu má tá siad i mbun trádála nó nach bhfuil, Tuairisceán Bliantúil a chur isteach gach bliain.

Cuimsítear i dtuairisceán bliantúil sonraí faoi stiúrthóirí agus rúnaithe na cuideachta, a hoifig chláraithe, agus sonraí faoina scairshealbhoirí agus a scairchaipiteal. Ní mór dó a bheith sínithe ag stiúrthóir agus ag rúnaí na cuideachta. Más rud é gur stiúrthóir é/í an rúnaí, ní féidir leis/léi é a shíniú sa dá cháilíocht. I bhformhór na gcásanna, ní mór do ráitis airgeadais na cuideachta a bheith i gceangal le tuairisceán bliantúil na cuideachta. Fuarthas 273,376 tuairisceán bliantúil sa CRO in 2024.

Beidh aon chuideachta atá déanach ag comhdú a dtuairisceán bliantúil faoi réir táillí comhdaithe dhéanaigh, agus i mbaol imeachtaí chun a gcuideachta a bhaint den chlár nó ionchúisimh sa Chúirt Dúiche.

### Athchlárúcháin

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, is féidir athrú ó aon chineál cuideachta go haon chineál cuideachta eile e.g. ó theoranta go neamhtheoranta, ó phríobháideach go poiblí nó ó faoi theorainn scaireanna go faoi theorainn ráthaíochta nó an bealach eile thart, faoi réir riachtanas Cuid 20 den Acht.

In 2024, d'athchláraigh 320 cuideachta ar an iomlán, laghdú ar an bhfigiúr de 393 in 2023.

<b>Cineál cuideachta a athchláraíodh go:</b>	<b>Uimhir</b>
Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR)	28
CTR-Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (cuideachta cheadúnaithe)	0
Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Theorainn Scaireanna (CGA)	32
Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (TEO)	88
Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT)	3
Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CPN)	170
CI - Cuideachta infheistíochta - Cuid 24 Acht na gCuideachtaí 2014	0
CPN - Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta	0

### Morgáistí agus Muirir

Aighníodh 12,015 muirear in 2024. Is méadú é seo ar an bhfigiúr de 10,704 le haghaidh 2023. Le hAcht na gCuideachtaí, 2014, tugadh modh eile isteach chun muirir a aighniú chun clárú le CRO. Is féidir le láithreoirí foirm C1 a chomhdú nó an Nós Imeachta Dhá chéim a úsáid ina leanann fógra gur cruthaíodh muirear (Form C1b) fógra chun muirear a chruthú (foirm C1a) laistigh de 21 lá. Má mhainnítear Foirm C1b a chomhdú in am, diúltófar don Fhoirm C1a.

<b>Bliain</b>	<b>C1</b>	<b>C1B</b>	<b>Muirir Iomlán</b>
2020	8,100	756	8,856
2021	10,349	591	10,940
2022	10,645	455	11,110
2023	10,257	447	10,704
2024	11,630	385	12,015

### Leachtuithe agus ceapachán Glacadóirí

Rinneadh cláir cothrom le dáta maidir le leachtú, ceapacháin glacadóirí agus scrúdaitheoirí trí na doiciméid uile a fuarthas a chlárú laistigh de thréimhsí ama phlean gnó aontaithe. Tháinig méadú de 85% ar líon na leachtuithe a cláraíodh le CRO i gcomparáid le 2023.

**Cineálacha leachtaithe a cláraíodh:**

Bliain	Baill	Creidiúnaite	Cúirt	Iomlán
2020	1,397	443	49	1,889
2021	1,455	286	59	1,800
2022	1,346	420	42	1,808
2023	1,753	591	45	2,389
2024	2,516	1,846	71	4,433

Ceanglaítear ar leachtaitheoirí foirm E3 (Cuntas ar ghníomh agus ar dhéileálacha) agus foirm E4 (s681 cuntas agus mionnscribhinn) a chur isteach. Ceanglaítear ar ghlacadóirí foirm E9 (achoimre an ghlacadóra) a chur isteach. Tá sé beartaithe ag CRO gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a thionscnamh in aghaidh leachtaithe a bhí déanach ag comhdú a dtuaisceán le linn 2025. Is éard a bheidh i gceist leis an ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar dtús ná litreacha meabhrúcháin do leachtaitheoirí atá déanach ag comhdú a gcuid tuairisceán agus d'fhéadfadh ionchúiseamh teacht sna sála air sin freisin. Is cion chatagóir a 3 é mainneachtain tuairisceáin leachtaitheora a chomhdú. Is cion chatagóir a 4 é mainneachtain tuairisceáin glacadóireachta a chomhdú. D'fhéadfadh fíneáil Aicme A a bheith mar thoradh ar chionta chatagóir a 3 agus a 4.

Bliain	Foirm E4 (s.681 cuntas agus mionnscribhinn)	Foirm E3 (cuntas leachtaitheora ar ghníomhartha agus déileálacha s. 680)	Foirm E9 (achoimre na nglacadóirí)
2020	6,865	2,842	3,427
2021	7,822	3,555	3,554
2022	5,489	2,282	2,374
2023	4,554	1,878	1,955
2024	4,738	2,074	1,567

Fuarthas 164 foirm E8 (Fógra maidir le Glacadóir a cheapadh) in 2024, méadú ar an 108 san iomlán a fuarthas in 2023.

**An Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (SCARP)**

Tugadh isteach próiseas athstruchtúraithe simplithe nua le haghaidh cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí inmharthana le hAcht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021. Cuireadh tús leis an Acht ar an 7 Nollaig 2021.

Leagtar amach thíos eolas faoi fhógra maidir le ceapachán comhairleoirí próisis agus faoi phleananna tarrthála a cheadú.

Foirm	2022	2023	2024
SCARP 1 – Fógra ceaptha comhairleora próisis	22	33	30
SCARP 4 – Fógra ceadaithe phlean tarrthála	15	21	26

## **Clár na ndaoine srianta agus dícháilithe**

Caomhnaíodh clár na ndaoine dícháilithe agus srianta freisin. Faoi dheireadh na bliana, bhí 5,926 duine ar chlár na ndaoine dícháilithe agus bhí 689 duine ar chlár na ndaoine srianta. Is féidir na cláir dhícháilithe agus shrianta a chuardach ar líne ar [CORE](#) Déantar an tsaoráid seo a nuashonrú gach lá.

## **Baint Neamhdheonach**

Cuireadh gníomhaíocht forfheidhmithe i gcoinne cuideachtaí a bhí déanach ag comhdú a gcuid tuairisceán bliantúil ar fionraí i mí an Mhárta 2020 le linn phaindéim COVID 19 agus cuireadh ar bun arís é i lár 2023 nuair a eisíodh na chéad litríocht mar chuid den phróiseas lena mbaintear cuideachtaí go neamhdheonach.

I dTuarascáil Bhliantúil CRO do 2023, thuairiscigh CRO gur tháinig fadhbanna chun cinn i dtreo dheireadh 2023 i dtaca leis an bpróiseas lena mbaintear cuideachtaí go neamhdheonach a atosú. Bhí an próiseas lena mbaintear cuideachtaí go neamhdheonach a mhainnigh a dtuairisceán bhliantúil a chomhdú curtha ar fionraí le linn phaindéim Covid-19. Is le foilsiú Irisí CRO a bhain na fadhbanna a tháinig chun cinn i dtaca le hatosú an phróisis lena mbaintear cuideachtaí go neamhdheonach. Ar an 29 Eanáir, 2024, thug CRO fadhb TF faoi deara a d'fhág nár liostaíodh cohórt cuideachtaí a bhí le baint in Irisí CRO a foilsíodh ar an 22 agus an 29 Samhain, 2023. Baineadh na cuideachtaí seo de Chlár na gCuideachtaí ina dhiaidh sin ar an 26 Eanáir agus an 2 Feabhra, 2024. I ndiaidh comhairle dlí a fháil, soiléiríodh nach raibh an próiseas lena baineadh na cuideachtaí seo bailí agus tugadh an stádas a bhí acu ar an gClár seo roimhe do na cuideachtaí seo arís. Rinne CRO cumarsáid dhíreach le gach cuideachta a bhí i gceist.

Cuireadh tús le clár teoranta forfheidhmithe, a bhí dírithe ar chuideachtaí nach raibh aon stiúrthóirí cláraithe acu, i dtreo dheireadh 2024, agus baineadh na chéad chuideachtaí go luath in 2025.

## **Baint Dheonach**

Is próiseas reachtúil é baint dheonach faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Baineadh 6,737 cuideachta san iomlán go deonach in 2024, ar méadú é sin ar an líon 6,227 in 2023.

## **Athchóiriú ar an gClár**

Is féidir cuideachta a athchóiriú ar an gclár tar éis a bainte. Sa chás gur baineadh cuideachta den chlár ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mí, is féidir leis an gcuideachta iarratas athchóirithe a dhéanamh leis an gCláraitheoir. Agus an 12 mí caite, ní féidir an chuideachta a athchóiriú ach trí Athchóiriú Ordaithe Cúirte. Le linn 2024 cuireadh 47 cuideachta ar an gclár arís ar an iomlán, laghdú ar an 62 a cuireadh ar ais in 2023.

## **Ionchúisimh mar gheall ar mhainneachtain i dtaca le tuairisceán bhliantúla a chomhdú**

Mar gheall gur cuireadh gníomhaíocht forfheidhmithe ar fionraí, níor tionscnaíodh ionchúisimh den sórt sin le linn 2024.

## Cuid 4 Eintitis Eile arna Chlárú ag CRO

### Ainmneacha Gnó

Soláthraítear trédhearcacht i dtaca le daoine i mbun trádála faoi ainm éigin nach ionann é agus a n-ainm féin leis an Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó 1963. Tá sé éigeantach go gcláraítear ainm gnó má tá aon duine aonair nó comhpháirtíocht (cé acu má tá sí comhdhéanta de dhaoine aonair nó comhlachtaí corparáideacha nó aon mheascán den dá rud) nó comhlacht corparáideach i mbun gnó faoi ainm éigin eile seachas a bhfórainmneacha féin. Is é an cuspóir atá leis sin ná aitheantas an duine aonair / na ndaoine aonair, na gcomhpháirtíochtaí nó na gcomhlachtaí corparáideacha atá ina eintiteas dlíthiúil taobh thiar den ainm gnó a chur ar fáil don phobal. Ní chruthaítear eintiteas a bhfuil féiniúlacht dlíthiúil ar leithligh aige mar thoradh ar ainm gnó a chlárú.

Ba é líon na n-ainmneacha gnó nua a chláraigh CRO in 2024 ná 20,066, méadú de 1.6% ar 2023 nuair a cláraíodh 19,752 ceann. Comhdaíodh beagnach 98.5% d'iarratais i dtaca le hainmneacha gnó go leictreonach in 2024.

Ba cheart go gcuirfí an Cláraitheoir ar an eolas faoi athrú ar aon cheann de na sonraí a bhaineann le hainm gnó cláraithe (e.g. athrú ar ainm gnó nó ar sheoladh an ghnó) faoi cheann aon mhí amháin ó dháta an athraithe. Cláraíodh 2,143 athrú in 2024. Cuireadh 2,365 foirm ag tabhairt fógra faoi scoir gnó faoi bhráid an Chláraitheora.

### Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar Chláir na nAinmneacha Gnó

Athruithe don chlár	2020	2021	2022	2023	2024
Clárúcháin nua	21,592	23,374	20,006	19,752	20,066
Ráiteas athraithe sna sonraí cláraithe	2,079	1,862	2,174	1,959	2,143
Scoir	2,197	2,261	2,532	2,366	2,365
Líon iomlán ar an gclár ag deireadh na bliana	601,782	626,370	643,844	667,548	685,249

### Comhpháirtíochtaí Teoranta

Leis an Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta 1907, éascaítear comhpháirtíocht a chruthú ina bhfuil dlíteanas teoranta ag roinnt ball i dtaca le fiacha an ghnóilachta. Cuirtear teorainn lena ndlíteanas ar comhionann í leis an méid caipitil ar chuir siad leis an gcomhpháirtíocht. Mar is ionann le comhpháirtíocht ghinearálta, ní bhíonn comhpháirtíocht teoranta ina eintiteas dlíthiúil ar leithligh. Cláraíodh 149 Comhpháirtíocht Theoranta in 2024, méadú ar an líon a cláraíodh in 2023 (147).

## Cuid 5 Feidhm Chorparáideach in CRO

Ba é caiteachas na bliana 2024 do CRO ná €8.41m. Áirítear leis seo caiteachas maidir le feidhmiú Chlárlann na gCara-Chumann agus an Chláir um Úinéireacht Thairbhiúil.

	2022	2023	2024
Íoc	€5.2m	€5.47m	€5.86m
Neamh-Íoc	€2.0m	€2.16m	€2.55m
<b>Iomlán</b>	<b>€7.2m</b>	<b>€7.6m</b>	<b>€8.41m</b>

### Ioncam 2023

Fuair CRO €20.5 milliún in 2024, lena léirítear méadú de 9.6% ar uimhir na bliana 2023 de €18.7m. Áirítear leis an bhfigiúr ioncam a fuarthas maidir le Clárlann na gCara-Chumann agus an Clár um Úinéireacht Thairbhiúil.

Ba ann do mhéadú ar na táillí comhdaithe dhéanaigh a íocadh. D'íoc 16,073 cuideachta táillí comhdaithe dhéanaigh le linn 2024, rud a chiallaíonn gurb é an mheán táille comhdaithe dhéanaigh a d'íoc gach ceann de na cuideachtaí seo ná €603.

Ioncam CRO	2022	2023	2024
Táillí Comhdaithe Dhéanaigh	€7.9m	€8.2m	€9.7m
Táillí Aighneachta	€8.49m	€9.1m	€9.7m
Táillí Chlárlann na gCara-Chumann	€0.044m	€0.041m	€0.074m
Clár um Úinéireacht Thairbhiúil	€0.405m	€0.378m	€0.417m
Ilchineálach*	€0.97m	€1.3m	€0.69m
<b>Iomlán</b>	<b>€17.8m</b>	<b>€18.7m</b>	<b>€20.5m</b>

\* Áirítear le hIlchineálach Fiosruithe, Oll-Díolacháin Sonraí, Nótaí Creidmheasa, iarmhéideanna Chuntas Custaiméara

Tá CRO tiomanta do thuilleadh íocaíochtaí a éascú agus a bhforfheidhmiú trí mhodhanna leictreonacha, seachas na modhanna traidisiúnta d'íocaíochtaí airgid thirim agus seic. Ó tugadh isteach ríomhchomhdú éigeantach don tuairisceán bliantúil (Foirm B1) agus na ráitis airgeadais a mbaineann leis i mí an Mheithimh 2017, ní mór táillí comhdaithe agus aon táillí comhdaithe dhéanaigh a íoc trí chárta creidmheasa/dochair nó trí chuntas custaiméara. Ó 2017 i leith, anois agus é éigeantach níos mó foirmeacha CRO a chomhdú ar líne agus íoc astu go leictreonach, tá laghdú leanúnach tar éis teacht ar líon na seiceanna a fhaightear in CRO.

Tá laghdú leanúnach tagtha ar líon na seiceanna a fuarthas in CRO ó 18,495 in 2018 (luach €2.3m) síos go 1,905 (luach €55,000) in 2024. Tá CRO ag leanúint léi i dtaca le hathbheithniú a dhéanamh ar mhodhanna íocaíochta malartacha le haghaidh custaiméirí a raibh sé de nós acu roimhe seo íoc le seic.

Is féidir Cuntas Custaiméara a bhreisiú trí Chárta Creidmheasa nó trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) ar choinníoll go dtugtar uimhir an Chuntais Chustaiméara mar thagairt ar an RAA agus go ndéantar fógra trí ríomhphost gur tarlaíodh aistriú dá leithéid.

Achoimre ar Úsáid Fuinnimh – I.R. 542 de 2009

Ceanglaítear le I.R. Uimh. 542 de 2009 go dtuairiscíonn eagraíochtaí san earnáil phoiblí go bliantúil ar a n-úsáid fuinnimh agus na gníomhaíochtaí ar ghlac siad chun tomhaltas a laghdú.

Tá CRO lonnaithe i dTeach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 agus Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Roinneann CRO cóiríocht agus roinnt seirbhísí riaracháin, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh, le Clárlann na gCara-Chumann (CCC) i dTeach Bloom. Roinneann CCC agus CRO seomraí cruinnithe, leithris agus ionad fáiltithe leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) chomh maith le gnólachtaí príobháideacha.

Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh de B3 ag Teach Bloom. RFF Uimh.: 800191413. Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh: 77.12kg CO<sub>2</sub>/m<sup>2</sup> /bl.

Is í CRO Cheatharlach an mionúsáideoir fuinnimh de chuid Bhóthar Uí Bhriain (45%) agus roinneann sí an foirgneamh leis an gClár um Úinéireacht Thairbhíúil, agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, chomh maith le háiseanna ceaintín, leithris agus ionad fáiltithe.

Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh de C2 ag Bóthar Uí Bhriain Ceatharlach. RFF Uimh.: 800408395. Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh: 53 kg CO<sub>2</sub>/m<sup>2</sup>/bl.

Gníomhartha a Rinneadh in 2024

- Ríomhphost i dtaca le Coigilt Fuinnimh chuig baill foirne le meabhrú dóibh scáileáin ríomhaire, printéirí etc. a chasadh as gach tráthnóna.
- Monatóireacht leanúnach ar uaireanta oibrithe an Aonaid Láimhsithe Aeir.
- Amadóirí teasa a chlárú go rialta i gcomhréir le staid reatha na haimsire (an dá shuíomh).

## **Ceanglais faoi ailt 4B(a) agus 4B(b) d'Acht comhdhlúite na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021**

Tá CRO tiomanta chun a cheanglais ar fad faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021) a chomhlíonadh.

Ceapadh ball de CRO chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar cheanglais CRO faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021).

Rinne CRO na bearta seo a leanas le linn 2024 le cinntiú go raibh an tAcht á chomhlíonadh:

- athbhreithniú ar láithreán gréasáin nua CRO le cinntiú go raibh an leagan Gaeilge ar fáil agus i gceart
- Seoltar meabhrúcháin réamh-spríodcháta a eisíonn CRO trí ríomhphoist i nGaeilge agus i mBéarla
- Eisítear Litreacha Forfheidhmithe tosaigh CRO i nGaeilge agus i mBéarla
- Eisítear an fhaisnéis “Bíodh do Chearta ar eolas agat” a ghabhann le toghairm i nGaeilge agus i mBéarla
- Den chuid is mó, eisítear Postálacha Meán Sóisialta ar Twitter/X i nGaeilge agus i mBéarla

Le linn 2023, comhlíonadh na ceanglais nua faoi alt 10A. (Fógraíocht ag comhlachtaí poiblí) a éilíonn gur i nGaeilge a bheidh 20% (10A. (1)(b)) de gach fógraíocht. Tá ceanglas ann freisin go gcaithfeadh 5% de chaiteachas fógraíochta bliantúil ar mheáin Ghaeilge, faoi mar a fhorordaítear faoi alt 10A. (1)(b).

Bhí 1054 postáil ag CRO ar na hardáin meán sóisialta atá aige in 2024. Bhí 456 de na postálacha seo i nGaeilge

## **Ráiteas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine**

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a ndéanann a mbeartais agus a bpleananna difear dóibh a chosaint. Is dualgas dlíthiúil é seo ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Tá sé le fáil in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Ceanglaíonn Acht 2014 ar chomhlacht poiblí, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chuspóir, dá mhéid, is do na hacmhainní atá ar fáil dó, tuairisciú a dhéanamh inter alia ar fhorbairtí agus ar ghnóthachtálacha maidir leis an dualgas reachtúil seo a bhaint amach ina thuarascáil bhliantúil.

Tá CRO lántiomanta i gcónaí d'éagsúlacht, comhionannas inscne agus cóir chothrom agus chomhionann gach fostaí, custaiméara, úsáideora seirbhísí agus gach duine eile a dtéann ár mbeartais agus pleananna i bhfeidhm orthu agus táimid tiomanta d'éiteas neamhspleách, ionracas agus neamhchlaontacht na seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach i Ráiteas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

# Iarscríbhinn 1 Staitisticí Mionsonraithe

## Gníomhaíocht ar chlár na gcuideachtaí in 2024

	2020	2021	2022	2023	2024
Líon iomlán na gCuideachtaí Nua	21,873	25,468	21,434	22,384	23,652
<b>Cumainn Curtha ar ais ar an</b>					
Ag cuideachtaí faoi cheann aon	157	68	66	24	22
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt	75	72	30	38	25
Cuideachtaí a Baineadh den	1,266	24	0	0	1,242
Cuideachtaí a Díscáileadh (Baint Dheonach)	5,479	7,033	6,373	6,227	6,737
Athrú Glan	+15,360	+18,551	+15,157	+16,219	+15,720

## Athchóiriú Cuideachtaí don Chlár

Foráiltear le Caibidil 2 Cuid 12 d'Acht na gCuideachtaí 2014 d'athchóiriú cuideachta a scaoileadh do Chlár na gcuideachtaí. D'fhéadfaí go n-athchóireofaí cuideachta a baineadh den chlár ar ais don Chlár ach iarratas a dhéanamh leis an:

- Ard-Chúirt sula bhfuil fiche bliain imithe thart ó dháta scaoilte;
- An Chúirt Chuarda sula bhfuil fiche bliain imithe thart ó dháta an scaoilte, nuair is creidiúnaí é an t-iarratasóir;
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula bhfuil dhá mhí dhéag imithe thart ó dháta an scaoilte, nuair atá an t-iarratas déanta ag an gcuideachta nó thar a ceann.


Bhí thart ar 25 ordú Cúirte chun cuideachtaí a chur ar ais agus 22 uair inar cuireadh cuideachtaí ar ais de dheasca cúrsaí riaracháin in 2024.

## Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach amhail an 31 Nollaig 2024:

	2020	2021	2022	2023	2024
Brainsí (EEA)	2,036	433	439	470	507
Brainsí (Neamh-EEA)*	937	2,777	2,704	2,867	3,011
Líon iomlán ar an gclár	2,927	3,210	3,143	3,337	3,518

\*Tabhair faoi deara: Mar gheall ar an mBreatimeacht, áirítear an RA anois mar Neamh-EEA, roimh 2020, ba bhall den EEA í.



## Athruithe ar Ainm Cuideachta

Le linn 2024, ceadaíodh 2,233 athrú san iomlán ar ainmneacha cuideachta.

## Societas Europaea

